

**Cuntas Leithreasa 2017**

---

**Vóta 32**

**Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht**

---

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 32, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá á riar ag an Oifig sin, chun fóirdheontais agus deontais áirithe a íoc agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgead teoranta a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2017, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair um chaiteachas i gcomhair na bliana, agus

(b) arna soláthar le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil sa bhliain 2017, agus leas á bhaint as leithreasaí nach raibh caite don bhliain 2016 faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlítear barrachas €8.3 milliún a ghéilleadh don Stáitchiste.

Tá an Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

### **Aistriú Feidhmeanna**

Ullmhaíodh an cuntas de réir na Meastachán Athbhreithnithe Breise i gcomhair Seirbhísí Poiblí 2017 inar cuireadh san áireamh gur athraíodh teideal na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta chuig an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta le héifeacht ó 2 Meán Fómhair 2017 (I.R. Uimh. 364 de 2017) agus gur aistríodh feidhmeanna áirithe riaracháin agus aireachta (I.R. Uimh. 361 de 2017) faoi Chlár C Rialáil ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

Chuimsigh an t-aistriú feidhmeanna:

- an beartas maidir le cearta fostaíochta
- feidhmeanna áirithe a bhaineann leis an gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí de chuid an Aontais Eorpaigh
- freagracht as an gCoimisiún um Pá Íseal (lena n-áirítear a Rúnaíocht).

Rinneadh 14 bhall foirne a bhí ag obair sna réimsí sin faoi seach sa Roinn a aistriú nuair a aistríodh feidhmeanna na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

Ar aon dul leis na socruithe cuntasaíochta a leag an rannóg Cuntasaíochta Rialtais den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe amach, léirítear sna Meastacháin Athbhreithnithe Bhreise do 2017 aistriú feidhmeanna na Roinne ar bhonn bliana iomláine. An cuntas leithreasa, nach mór dó cloí le foirm agus formáid an mheastacháin ábhartha, léirítear ann freisin an t-aistriú feidhmeanna thuas ar bhonn bliana iomláine. Is é €1.5 milliún an meastachán bliana iomláine ar leithdháiltí ollphá agus neamhphá atá bainteach leis an aistriú feidhmeanna.

## Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasáíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chuntasáíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

### *Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais*

Mar Oifigeach Cuntasáíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Comhlíontar an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar go cuí iad, agus go ndéantar aon earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialaithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

### *Dearbhú maidir le Seirbhísí Comhroinnte*

Is é an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a chuireann na seirbhísí párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Is ar an Oifigeach Cuntasáíochta do Vóta 18 atá an fhreagracht as oibriú na rialuithe laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an Chomhaontaithe um Bainistíocht Seirbhísí atá ann idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasáíochta Vóta 18 go bhfeidhmítear na rialaithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don Roinn seo.

### *Timpeallacht Rialaithe Airgeadais*

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus le haghaidh gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú
- is ann do Choiste Iniúchóireachta a bhfuil sé de dhualgas air comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais
- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

### ***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus um thuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta ar thuairiscí thréimhsiú la airgeadais ina gcuirtear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- córas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

### ***Comhlíonadh Soláthair***

Cinntíonn an Roinn go gcuirtear béim chuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad. Chloígh an Roinn go hiomlán leis na treoirlínte ach amháin i gcás seacht gconradh a ndeachthas isteach iontu dar luach iomlán €383,387. Liostaíodh iad sin i mo thuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002. Coinníodh cúig cinn de na conarthaí sin i bhfeidhm ar feitheamh creatchomhaontuithe láraithe a bheith tugtha chun críche ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Tar-rolladh conradh amháin ar fheitheamh aistriú réidh na hoibríochta chuig oibreoir nua, agus bhain an conradh eile le seirbhísí TFC a sholáthar laistigh de Theach Lansdúin le haghaidh an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre/na Cúirte Oibreachais a bhfuil próiseas tairisceana á dhéanamh ina leith sa bhliain 2018. De na sé chonradh a tar-rolladh, cuireadh tairiscintí isteach anois le haghaidh ceithre cinn.

### ***Iníúchadh Inmheánach agus Coiste Iníúcháireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iníúcháireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar obair an Choiste Iníúcháireachta agus tá a chuid pleananna bliantúla iníúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialaithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. I gcomhar leis an gCoiste Iníúcháireachta, déanaim athbhreithniú thréimhsiúil ar an bhfeidhm iníúcháireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iníúcháireachta inmheánaí.

### ***Creat Riosca agus Rialaithe***

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena sainiúitear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Roinn. Rinneadh na rioscaí sin a shainiú, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntas atá siad. Déanann an Coiste Comhairleach Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialaithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus leagtar freagracht ann ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

***Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach***

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Choiste Comhairleach Bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaitníodh príomhríosaí agus rialaithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialaithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Déanann obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat um rialú inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, bonn eolais a chur ar faireadán agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais***

Níor sainaitníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais i dtaca leis an mbliain 2017 a bhí mar chúis, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis, le cailteanas ábhartha.

**Dr Orlaigh Quinn**

Oifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

26 Márta 2018

## **An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste**

### **Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais**

### **Vóta 32 Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht**

#### ***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 32 Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 32 Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### ***An bonn faoi mo thuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Níl baint ná páirt agam le Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

#### ***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

13 Meán Fómhair 2018

## Vóta 32 Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht Cuntas Leithreasa 2017

		2017		2016
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
<b>Caiteachas clár</b>				
A	Forbairt Post agus Fiontar			
	<i>Bunaidh</i>	426,638		
	<i>Breise</i>	(21,839)	404,799	403,932
B	Nuálaíocht			
	<i>Bunaidh</i>	348,181		
	<i>Breise</i>	25,810	373,991	375,101
C	Rialáil			
	<i>Bunaidh</i>	82,055		
	<i>Breise</i>	(3,970)	78,085	71,799
<b>Ollchaiteachas</b>				
	<i>Bunaidh</i>	856,874		
	<i>Breise</i>	1	856,875	850,832
	<i>Luíde</i>			842,959
D	Leithreasaí-i-gcabhair		50,333	52,542
<b>Glanchaiteachas</b>				
	<i>Bunaidh</i>	806,541		
	<i>Breise</i>	1	806,542	798,290
			<b>806,542</b>	<b>798,290</b>
				<b>790,279</b>

### Barrachas

Dlítear barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid fheidhmithe a ghéilleadh don Státhchiste.

	2017	2016
	€	€
<b>Barrachas lena ghéilleadh</b>	<b>8,251,873</b>	<b>8,045,508</b>

### Dr Orlaigh Quinn

Oifigeach Cuntasaíochta  
An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

26 Márta 2018

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2017

	2017	2016
	€000	€000
Costas clár	819,570	812,538
Pá	23,410	22,949
Neamhphá	7,852	7,472
<b>Ollchaiteachas</b>	<b>850,832</b>	<b>842,959</b>
<i>Luíde</i>		
<b>Leithreasáí i gcabhair</b>	<b>52,542</b>	<b>52,680</b>
<b>Glanchaiteachas</b>	<b>798,290</b>	<b>790,279</b>
<b>Athruithe ar shócmhainní caipitil</b>		
Ceannacháin airgead tirim	(1,855)	
Dímheas	1,912	
Cailiteanas ar dhiúscairtí	50	
	107	258
<b>Athruithe ar ghlansócmhainní reatha</b>		
Méadú ar fhabhruithe deiridh	1,825	
Méadú ar stoc	(39)	
	1,786	(1,477)
<b>Caiteachas díreach</b>	<b>800,183</b>	<b>789,060</b>
<b>Caiteachas a iompraíodh áit eile</b>		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (airgid thirim) (nóta 1.1)	24,411	23,715
Measchíosanna (neamhairgid thirim)	2,580	2,580
<b>Glanhostas clár</b>	<b>827,174</b>	<b>815,355</b>

#### 1.1 Glanchaiteachas Seirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas a iompraíodh in áit eile i ndáil le Vóta 32.

		2017	2016
		€000	€000
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	m	96	91
Vóta 12 Aoisiúntas agus Liúntais Scoir	m	18,274	16,021
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	m	5,549	7,291
Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	m	66	—
Vóta 20 An Garda Síochána	m	78	—
An Príomh-Chiste - pinsin Airí	m	348	312
		<b>24,411</b>	<b>23,715</b>

Tugann m luach measta nó costas cionroinnte le fios.

**Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017**

		<b>2017</b>	<b>2016</b>
	<b>Nóta</b>	<b>€000</b>	<b>€000</b>
<b>Sócmhainní caipitil</b>	2.2	<b>6,999</b>	<b>6,968</b>
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Banc agus airgead tirim	2.3	8,023	2,985
Stoic	2.4	248	209
Réamhíocaíochtaí		1,888	2,932
Ioncam fabhraithe		661	951
Iarmhéideanna eile dochair	2.5	726	578
<b>Sócmhainní reatha iomlána</b>		<b>11,546</b>	<b>7,655</b>
<b>Lúide dliteanais reatha</b>			
Costais fhabhraithe		797	718
Ioncam iarchurtha		2,469	2,057
Iarmhéideanna eile sochair	2.6	4,930	2,691
Glanmhaoiniú Státchiste atá dlite	2.7	3,819	872
<b>Dlíteanais reatha iomlána</b>		<b>12,015</b>	<b>6,338</b>
<b>(Glandlíteanais reatha)/glansócmhainní reatha</b>		<b>(469)</b>	<b>1,317</b>
<b>Glansócmhainní</b>		<b>6,530</b>	<b>8,285</b>
<b>Ionadaithe ag:</b>			
<b>Cuntas maoinithe Stáit</b>	2.1	<b>6,530</b>	<b>8,285</b>

**2.1 Cuntas maoinithe Stáit**

	<b>Nóta</b>	<b>2017</b>	<b>2016</b>
		<b>€000</b>	<b>€000</b>
Iarmhéid ag 1 Eanáir		8,285	7,066
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar mheastacháin	Cuntas	806,542	
Barrachas lena ghéilleadh	Cuntas	(8,252)	
Glanvóta		798,290	790,279
Costais feistithe agus troscán a chuir		138	—
Oifig na nOibreacha Poiblí ar fáil			
Caiteachas (airgid thirim) a iompraíodh áit eile	1.1	24,411	23,715
Caiteachas neamhairgid thirim - measchíos		2,580	2,580
Glanchostas chláir	1	(827,174)	(815,355)
<b>Iarmhéid ag 31 Nollaig</b>		<b>6,530</b>	<b>8,285</b>

**2.2 Sócmhainní caipitil**

	<b>Trealam h oifige agus TF €000</b>	<b>Troscán agus feistis €000</b>	<b>Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt €000</b>	<b>Iomlán €000</b>
<b>Ollsócmhainní</b>				
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017	37,979	5,609	138	43,726
Breiseanna	810	176	1,007	1,993
Nithe a cuireadh in úsáid sa bhliain	357	—	(357)	—
Diúscairtí	(4,093)	(1,951)	—	(6,044)
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017	<u>35,053</u>	<u>3,834</u>	<u>788</u>	<u>39,675</u>
<b>Dímheas carntha</b>				
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017	31,452	5,306	—	36,758
Dímheas don bhliain	1,844	68	—	1,912
Dímheas ar dhiúscairtí	(4,052)	(1,942)	—	(5,994)
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017	<u>29,244</u>	<u>3,432</u>	<u>—</u>	<u>32,676</u>
<b>Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017</b>	<b><u>5,809</u></b>	<b><u>402</u></b>	<b><u>788</u></b>	<b><u>6,999</u></b>
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016	<u>6,527</u>	<u>303</u>	<u>138</u>	<u>6,968</u>

**2.3 Banc agus airgead tirim**

ag 31 Nollaig	<b>2017 €000</b>	<b>2016 €000</b>
Iarmhéideanna agus airgead tirim an Phámháistir Ghinearálta	8,023	2,985

**2.4 Stoic**

ag 31 Nollaig	<b>2017 €000</b>	<b>2016 €000</b>
Páipéarachas	180	151
Soláthairtí TF	50	48
Ábhair ghlantóireachta	18	10
	<u><b>248</b></u>	<u><b>209</b></u>

**2.5 Iarmhéideanna dochair eile**

ag 31 Nollaig	2017		2016
	€000	€000	€000
Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí		159	166
Iarmhéideanna ilghnéitheacha dochair		420	307
Caiteachas in-aisghafa:			
Taisteal	83		
Seirbhísí comhroinnte	64		
		147	105
		<b>726</b>	<b>578</b>

**2.6 Iarmhéideanna sochair eile**

ag 31 Nollaig	2017		2016
	€000	€000	€000
<b>Méideanna atá dlite don Stát</b>			
Cáin Ioncaim		1,320	24
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa		582	60
Cáin Mhaoine Áitiúil		11	—
Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla		103	103
Cáin Bhreislúacha ar cheannacháin laistigh den Aontas Eorpach		127	37
		2,143	224
An sciar de tháillí athnuachana paitinne a bhí iníochta le hOifig Eorpach na bPaitinní		1,474	1,428
Íocaíochtaí ball foirne		621	29
Fáltais bhreise iníochta don Státhchiste		190	—
Dlíteanas pinsin an fhostóra		170	317
Tuarastail in-aisghafa		190	372
Iarmhéideanna ilghnéitheacha eile		142	321
		<b>4,930</b>	<b>2,691</b>

**2.7 Glanmhaoiniú státchiste atá dlite**

ag 31 Nollaig	2017	2016
	€000	€000
Barrachas lena ghéilleadh	8,252	8,046
Deontas Státchiste neamhtharraingthe	(4,433)	(7,174)
<b>Glanmhaoiniú Státchiste atá dlite</b>	<b>3,819</b>	<b>872</b>
<b>Ionadaithe ag:</b>		
<b>Féichiúnaithe</b>		
Banc agus airgead tirim	8,023	2,985
larmhéideanna dochair eile	726	578
	8,749	3,563
<b>Creidiúnaithe</b>		
Dlite don Stát	(2,143)	(224)
larmhéideanna sochair eile	(2,787)	(2,467)
	(4,930)	(2,691)
	<b>3,819</b>	<b>872</b>

**2.8 Dlíteanais aibithe**

	2017	2016
	€000	€000
Meastachán ar dhlíteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana	375	266

**2.9 Ceangaltais**

ag 31 Nollaig	2017	2016
	€000	€000
<b>a) Ceangaltais Dhomhanda</b>		
Ceannach earraí agus seirbhísí	3,026	2,001
Cláir dheontais <sup>a</sup>	1,442,370	1,515,146
Iomlán na gceangaltas a bhí in-fhorfheidhmithe le dlí	<b>1,445,396</b>	<b>1,517,147</b>

<sup>a</sup> Áirítear leis an bhfigiúr seo ceangaltais a chisteofar ón ioncam acmhainne arna ghiniúint ag comhlachtaí Stáit a thagann faoi choimirce na Roinne.

**b) Mórcheangaltas Chaipitil**

Tá deontais chaipitil lena mbaineann caiteachas iomlán ar fiú €6.5 milliún nó níos mó é léirithe ar leithligh i dtábla na mórcheangaltas caipitil.

	Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2016*	Caiteachas sa bhliain 2017	Ceangaltas tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin	Iomlán an chaiteachais mheasta thar shaolré an tionscadail 2017	Iomlán an chaiteachais mheasta thar shaolré an tionscadail 2016*
	€000	€000	€000	€000	€000
<b>Ceangaltas Ghníomhaireachtaí</b>					
GFT Éireann (A5)	47,500	15,030	103,870	166,400	179,400
Fiontraíocht Éireann (A7)	308,494	51,314	157,598	517,406	511,726
Fondúireacht Eolaíochta Éireann (B4)	223,269	69,809	206,062	499,140	415,668
Fiontraíocht Éireann (B4)	17,610	9,128	24,316	51,054	51,054
<b>Ceangaltas na Roinne</b>					
An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL) (B5)	145,307	17,371	8,817	171,495	171,495
INTERREG (A10)	—	1,426	19,574	21,000	21,000
	<b>742,180</b>	<b>164,078</b>	<b>520,237</b>	<b>1,426,495</b>	<b>1,350,343</b>

\*Ní áirítear leis tionscadail a cuireadh i gcrích faoi dheireadh na bliana 2016.

**Athrúcháin shuntasacha**

I gcás go bhfuil méadú/laghdú €500,000 tagtha ar chaiteachas clár idir na blianta 2016 agus 2017, tá an difríocht sin mínithe mar seo a leanas:

Tionscadal	Iomlán an chaiteachais mheasta 2017	Iomlán an chaiteachais mheasta 2016	Méadú/(laghdú) bliantúil
	€000	€000	€000
<i>GFT Éireann</i>	166,400	179,400	(13,000)
Baineann an glanlaghdú le ceithre cheadú deontais nua sa bhliain 2017 ab fhiú €28.6 milliún san iomlán agus le laghdú €41.6 milliún i dtaca le ceithre cheangaltas deontais a cealaíodh.			
<i>Fiontraíocht Éireann</i>	517,406	511,726	5,680
Baineann an glanméadú le méadú €7.4 milliún a tháinig ar luach na gceangaltas reatha ar chúig thionscadal agus le laghdú €1.8 milliún a tháinig ar luach na gceangaltas ar thrí thionscadal.			
<i>Fondúireacht Eolaíochta Éireann</i>	499,140	415,668	83,472
Baineann an méadú le cúig thionscadal nua a comhaontaíodh agus a tosaíodh sa bhliain 2017.			

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fo-mhírchinn

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cuirtear i láthair sa nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach ann na cúiseanna le hathrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus €100,000). Leithroinneadh caiteachas riaracháin ar fud na gclár ar mhaithe le costais iomlána chlár a chur i láthair.

	Soláthar mheastacháin		2017	2016
			Toradh	Toradh
	€000	€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais			
	<i>Bunaidh</i>	24,743		
	<i>Forlíontach</i>	(1,360)		
		23,383	23,411	22,949
ii	Taisteal agus cothabháil	473	646	771
iii	Foghlaim agus forbairt agus costais theagmhasacha	973	1,045	968
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide			
	<i>Bunaidh</i>	425		
	<i>Breise</i>	(100)		
		325	273	296
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	3,901	4,062	4,000
vi	Costais ar áitreabh oifige			
	<i>Bunaidh</i>	1,265		
	<i>Breise</i>	(200)		
		1,065	630	800
vii	Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais	972	1,079	468
viii	Acmhainní fógraíochta agus faisnéise			
	<i>Bunaidh</i>	442		
	<i>Breise</i>	(100)		
		342	116	169
		<b>31,434</b>	<b>31,262</b>	<b>30,421</b>

#### Athrúcháin shuntasacha

##### ii. Taisteal agus cothabháil

Soláthar mheastacháin: €0.473 milliún, toradh: €0.646 milliún

Tháinig an méadú €0.173 milliún ar chaiteachas ar thaisteal agus cothabháil chun cinn mar thoradh ar chaiteachas breise taistil a tháinig as an ngá a bhí ann le freastal ar líon méadaithe cruinnithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar leibhéal idirnáisiúnta i réimsí amhail an Breatimeacht agus an trádáil, i measc nithe eile. Tháinig sé chun cinn freisin mar thoradh ar na méaduithe ar rátaí taistil agus cothabhála ar cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe iad i mí an Mhárta 2017.

##### iv. Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar mheastacháin: €0.425 milliún, toradh: €0.273 milliún

An laghdú €0.152 milliún ar chaiteachas ar sheirbhísí poist agus teileachumarsáide, léirítear ann gnóthachain éifeachtúlachta agus laghduithe costais a eascraíonn as dul chun cinn teicneolaíochta, lena n-áirítear athrú chuig seirbhísí teileafóin Phrótagal Idirlinn Guthaithe. De bhreis air sin, tá laghdú ann i méid an phoist.

*vi Costais ar áitreabh oifige*

Soláthar mheastacháin: €1.265 milliún, toradh: €0.630 milliún

Tháinig an laghdú €0.635 milliún ar chaiteachas ar áitreabh oifige chun cinn mar thoradh ar an bhfíric gur moillíodh an t-athlonnú ball foirne chuig roinnt láithreacha difriúla nua, rud ar measadh go dtarlódh sé sa bhliain 2017. Dá bhrí sin, laghdaíodh an gá le caiteachas sa réimse sin.

*viii Acmhainní fógraíochta agus faisnéise*

Soláthar mheastacháin: €0.442 milliún, toradh: €0.116 milliún

Tháinig an laghdú €0.326 milliún ar chaiteachas ar acmhainní fógraíochta agus faisnéise chun cinn mar thoradh ar éileamh ar imeachtaí fógraíochta agus poiblíochta a bhí níos ísle ná a bhíodhas ag súil leis.

## Clár A Forbairt Post agus Fiontar

		Soláthar mheastacháin		2017	2016
		€000	€000	Toradh €000	Toradh €000
A.1	Riarachán – pá		8,451	8,184	7,886
A.2	Riarachán – neamhphá		2,606	2,339	1,940
A.3	Pinsin oidhreachta ghníomhaireachta		40,850	39,541	39,783
A.4	Idir-Thrádáil Éireann		7,960	7,960	7,560
A.5	GFT Éireann				
	<i>Bunaidh</i>	179,264			
	<i>Breise</i>	(3,000)			
			176,264	175,731	156,459
A.6	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta – deontas le haghaidh costais riaracháin agus costais ghinearálta		5,802	5,794	5,094
A.7	Fiontraíocht Éireann				
	<i>Bunaidh</i>	143,254			
	<i>Breise</i>	(30,000)			
			113,254	115,114	127,954
A.8	Forbairt fiontar áitiúil		32,931	32,655	28,921
A.9	Scéim Shealadach um Ráthaíocht Pháirteach Chreidmheasa		500	871	377
A.10	Cistiú meaitseála do INTERREG				
	<i>Bunaidh</i>	3,000			
	<i>Breise</i>	(1,000)			
			2,000	1,426	—
A.11	Sintíúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.				
	<i>Bunaidh</i>	1,839			
	<i>Breise</i>	(1,839)			
					3,694
A.12	Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta		1	—	1
A.13	Costais dlí agus seirbhísí eile		180	317	11
A.14	Ciste lasachta an Bhreathimeachta				
	<i>Bunaidh</i>	—			
	<i>Breise</i>	14,000			
			14,000	14,000	—
—	Ciste lasachta Mhicrea Airgeadas Éireann		—	—	10,000
			<b>404,799</b>	<b>403,932</b>	<b>389,680</b>

**Difríochtaí suntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár A €22.7 milliún níos ísle ná a soláthraíodh (ar dtús).

Bhain €0.5 milliún den tsuim sin le caiteachas riaracháin a míníodh cheana féin. Tháinig an chuid eile den athrúchán €22.2 milliún as na nithe seo a leanas go háirithe:

**A.7 Fiontraíocht Éireann**

Soláthar mheastacháin: €143 milliún, toradh: €115 milliún

Bhí an toradh €28 milliún níos ísle ná a soláthraíodh mar thoradh ar ranníocaíocht bhreise a rinne Fiontraíocht Éireann lena clár caipitil féin (€13 milliún), mar thoradh ar mhoill ar Chiste Forbartha Fiontar Réigiúnach Fhiontraíocht Éireann (€12 milliún) a chur i bhfeidhm agus mar thoradh ar mhoilleanna ar éilimh a fháil i dtaca le roinnt tionscadail mhóra (€5 milliún). Fritháiríodh an gannchaitheamh sin go páirteach le héileamh méadaithe ar phinsin Fhiontraíocht Éireann agus le costais neamhphá (€2 milliún). Sa bhliain 2017, ghin Fiontraíocht Éireann ioncam acmhainní dílse ab fhiú €87 milliún i gcomparáid leis an bhfigiúr €75 milliún a bhí beartaithe. Baineadh úsáid as an ioncam acmhainní dílse breise chun a clár caipitil a chistiú, rud a laghdaigh an gá le cistiú ón Státchiste le haghaidh na gclár sin. Bhí Fiontraíocht Éireann ag súil leis go gcuirfí clár a Ciste Forbartha Fiontar Réigiúnaigh i bhfeidhm sa dara leath den bhliain 2017.

Cé gur formheasadh iarratais ar chistiú go mall sa bhliain 2017, ní dhearnadh aon íostarraingtí iarbhir go dtí an bhliain 2018. De bhreis air sin, bhí moill ann ar éilimh dheontais a fháil i dtaca le 23 thionscadal de chuid Fhiontraíocht Éireann, rud ba chúis le caiteachas €5 milliún a bhí níos ísle ná a buiséadaíodh.

**A.9 Scéim Shealadach um Ráthaíocht Pháirteach Chreidmheasa**

Soláthar mheastacháin: €0.5 milliún, toradh: €0.87 milliún

Bhí an caiteachas €0.37 milliún níos airde ná a buiséadaíodh. B'amhlaidh sin go príomha mar gur athraíodh oibreoir na scéime agus gur athdhearadh roinnt gnéithe den scéim sa bhliain 2017, rud ba chúis le costais aonuaire nár soláthraíodh dóibh.

**A.10 Cistiú meaitseála do INTERREG**

Soláthar mheastacháin: €3 milliún, toradh: €1.4 milliún

Tháinig an gannchaitheamh €1.6 milliún chun cinn mar thoradh ar mhoilleanna suntasacha ar Chlár reatha INTERREG a thosú. Ceann de na cúiseanna leis an moill sin ba ea moilleanna riaracháin in Údarás Bainistíochta an Aontais Eorpaigh. Ba é an phríomhchúis léi, áfach, ná an cinneadh a rinne an Ríocht Aontaithe i mí an Mheithimh 2016 chun imeacht ón Aontas Eorpach. D'fhág sé sin nach bhféadfaí aon cheangaltais a chomhaontú go dtí go réiteodh an lucht polaitíochta (in Éirinn, i dTuaisceart Éireann, sa Ríocht Aontaithe agus san Aontas Eorpach) ceangaltais fhadtéarmacha chistiúcháin don todhchaí. Ba ag deireadh na bliana 2016 a réitíodh an tsaincheist sin. D'fhág sé sin nach bhféadfaí tionscadail a thosú ach le linn na bliana 2017.

**A.11 Síntiúis le heagraíochtaí idimáisiúnta, etc.**

Soláthar mheastacháin: €1.8 milliún, toradh: Nialas

Tháinig an gannchaitheamh €1.8 milliún chun cinn mar gur réamhíocadh i mí na Nollag 2016 an ranníocaíocht bhliantúil leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála don bhliain 2017, rud a cuireadh san áireamh sa Chuntas Leithreasa don bhliain 2016.

**A.13 Costais dlí agus seirbhísí eile**

Soláthar mheastacháin: €0.18 milliún, toradh: €0.317 milliún

I gcomhréir le bainistíocht stuama Vóta, is ceart cistiú teagmhasach éigin a chur ar leataobh i gcás go dtiocfadh aon chostais nach rabhtas ag súil leo chun cinn le linn na bliana. Tháinig an barrachas sa chás sin chun cinn mar thoradh ar an ngá a bhí ann le haisíocaíocht nach rabhtas ag súil léi a dhéanamh le cuideachta a rinne ró-íocaíocht €297k as a dliteanais i leith na Scéime um Árachas Creidmheasa Easpórtála.

*A.14 Ciste Iasachta an Bhreathimeachta*

Soláthar mheastacháin: Nialas, toradh: €14 milliún

Bhain an caiteachas faoi A.14 le ranníocaíocht na Roinne le Ciste Iasachta an Bhreathimeachta a chistiú. An ciste, a fógraíodh le linn Bhuiséad 2017, tá cistiú iomlán Státchiste is fiú €23 milliún i gceist leis. Is ionann an ranníocaíocht ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus €14 milliún, a íocadh le Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann. Fuarthas an cistiú sin trí phacáiste meastachán forlíontach na Roinne, rud a chomhaontaigh an tOireachtas go mall sa bhliain 2017. Is é an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara atá ag déanamh na ranníocaíochta eile Státchiste, rud is fiú €9 milliún.

Maidir leis an gcistiú Státchiste sin, trí ráthaíocht ó Chorporáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, le tacaíocht ón Stát, agus trí fhrithráthaíocht ón gCoimisiún Eorpach agus ón mBanc Eorpach Infheistíochta, meastar go ndéanfaidh sé iasachtaí is fiú €300 milliún a ghíaráil le fiontair bheaga agus mheánmhéide agus le cuideachtaí beaga agus meánmhéide chun cabhrú leo dúshlán an Bhreathimeachta a sháru.

**Clár B Nuálaíocht**

		2017		2016	
		Soláthar mheastacháin		Toradh	
		€000	€000	€000	
B.1	Riarachán – pá		5,633	6,285	5,725
B.2	Riarachán – neamhphá		1,737	2,455	2,224
B.3	Oifig na bPaitinní		2,841	2,847	2,632
B.4	An Clár um Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta				
	<i>Bunaidh</i>	303,537			
	<i>Breise</i>	13,000			
			316,537	316,387	318,998
B.5	An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL)				
	<i>Bunaidh</i>	14,400			
	<i>Breise</i>	12,000			
			26,400	26,400	30,377
B.6	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.				
	<i>Bunaidh</i>	19,835			
	<i>Breise</i>	1,000			
			20,835	20,727	21,169
B.7	Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta		1	—	1
B.8	Costais dlí agus seirbhísí eile				
	<i>Bunaidh</i>	197			
	<i>Breise</i>	(190)			
			7	—	—
			<b>373,991</b>	<b>375,101</b>	<b>381,126</b>

**Athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár B €26.9 milliún níos airde ná a soláthraíodh (ar dtús). Bhain €1.4 milliún den tsuim sin le caiteachas riaracháin a míníodh cheana féin. Tháinig an chuid eile den athrúchán €25.5 milliún as na nithe seo a leanas go háirithe:

**B.5 An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL)**

Soláthar mheastacháin: €14.4 milliún, toradh: €26.4 milliún

Rinneadh an leithdháileadh bunaidh don fho-mhírcheann seo a mhéadú faoi €12 milliún de bhun meastachán forlíontach. Baineadh úsáid as an gcistiú breise sin chun dliteanais faoi Thimthriall 5 den Chlár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL) a ghlanadh. Le linn Thimthriall 5 den Chlár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal, cuireadh bonneagar taighde ar fáil agus tacaíodh le forbairt capítail dhaonna ar fud institiúidí ardoideachais na hÉireann i bpríomhréimsí straitéiseacha amhail an eolaíocht bhitheach, na teicneolaíochtaí leighis, an fuinneamh, na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí, agus sa TFC. Úsáideadh an leithdháileadh meastacháin fhorlíontaigh chun suimeanna a bhí dlite d'Institiúidí Ardoideachais do thionscadail Thimthriall 5 a íoc. I measc na nInstitiúidí sin bhí Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath; Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Ollscoil na hÉireann, Má Nuad; Ollscoil Luimnigh; Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Mar thoradh ar sholáthar an chistiúcháin bhreise sin, laghdaíodh go mór méid na ndlíteanas gan íoc atá dlite faoi Thimthriall 5.

*B.6 Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.*

Soláthar mheastacháin: €19.8 milliún, toradh: €20.7 milliún

Tháinig an méadú €0.9 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin chun cinn trí bhíthin meastachán forlíontach. Baineadh úsáid as an gcistiú breise sin chun méadú a dhéanamh ar ranníocaíocht na hÉireann le clár ARTES (teileachumarsáid), ar clár de chuid Gníomhaireacht Spáis na hEorpa é. Ba é an toradh a bhí ar ranníocaíocht na hÉireann leis an gclár a mhéadú ná go rabhthas in ann conarthaí nua a shíniú le cuideachtaí Éireannacha le haghaidh forbairt teicneolaíochta agus táirgí atá dírithe ar an margadh agus comhchistithe ag an tionscadal, rud a ghin gníomhaíocht bhreise taighde agus forbartha, fostaíocht agus easpórtálacha nach dtarlódh in Éirinn ar shlí eile. Go dtí seo, chuir an cistiú sin ar chumas seacht gcuideachta in Éirinn conarthaí le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa a fháil ó chlár ARTES. Ina theannta sin, tá méideanna difriúla dul chun cinn déanta ag 10 gcuideachta eile ar thairiscintí a ullmhú/a chur isteach le haghaidh conarthaí ón gclár.

*B.8 Costais dlí agus seirbhísí eile*

Soláthar mheastacháin: €0.197 milliún, toradh: Nialas

I gcomhréir le bainistíocht stuama Vóta, is ceart cistiú teagmhasach éigin a chur ar leataobh i gcás go dtiocfadh aon chostais nach rabhthas ag súil leo chun cinn le linn na bliana. Níor tabhaíodh ach méid an-bheag caiteachais sa bhliain 2017, áfach.

## Clár C Rialáil

		2017		2016
		Soláthar mheastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán – pá			
	<i>Bunaidh</i>	10,659		
	<i>Forlíontach</i>	(1,360)		
			9,299	9,338
C.2	Riarachán – neamhphá			
	<i>Bunaidh</i>	4,108		
	<i>Forlíontach</i>	(400)		
			3,708	3,308
C.3	An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre			
	<i>Bunaidh</i>	18,736		
	<i>Breise</i>	(750)		
			17,986	18,050
C.4	Deontais le haghaidh seirbhísí oideachais agus comhairleoireachta ceardchumann – airgead teoranta		900	900
C.5	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta - deontas le haghaidh costais riaracháin agus costais ghinearálta		18,112	18,372
C.6	Cónaschtaí ceardchumann		80	182
C.7	Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach			—
	<i>Bunaidh</i>	4,895		
	<i>Breise</i>	(750)		
			4,145	3,014
C.8	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí			
	<i>Bunaidh</i>	12,138		
	<i>Breise</i>	(500)		
			11,638	9,765
C.9	An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta		228	151
C.10	Tacaíocht do thomhaltóirí		47	45
C.11	An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Clárlann na gCara-Chumann - deontas le haghaidh costais riaracháin agus costais ghinearálta		7,488	7,106
C.12	Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann		2,105	1,216
C.13	Sintiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.			
	<i>Bunaidh</i>	1,319		
	<i>Breise</i>	(40)		
			1,279	1,198
C.14	Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta		281	111
C.15	Costais dlí agus seirbhísí eile			
	<i>Bunaidh</i>	959		
	<i>Breise</i>	(170)		
			789	368
—	<i>An Coimisiún um Pá Íseal<sup>a</sup></i>		—	—
			<b>78,085</b>	<b>71,799</b>
				<b>72,153</b>

<sup>a</sup> Aistríodh an Coimisiún um Pá Íseal chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí le héifeacht ó mhí Mheán Fómhair 2017.

### Athrúcháin shuntasacha

San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár C €10.3 milliún níos ísle ná a soláthraíodh (ar dtús). Bhain €2.8 milliún den tsuim sin le caiteachas riaracháin a míníodh cheana féin. Tháinig an chuid eile den athrúchán €7.5 milliún as na nithe seo a leanas go háirithe:

#### C.3 *An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre*

Soláthar mheastacháin: €18.7 milliún, toradh: €17.4 milliún

Tháinig an gannchaitheamh €1.3 milliún chun cinn mar thoradh orthu seo: (i) gannchaitheamh €0.5 milliún sa Chúirt Oibreachais mar thoradh ar fholúntais nár líonadh go tapa agus mar thoradh ar chostais níos ísle phinsin, (ii) gannchaitheamh €0.7 milliún a d'eascair as leibhéal laghdaithe ghníomhaíochta ag an mBinse Achomhairc Fostaíochta, agus (iii) gannchaitheamh beag €0.1 milliún sa Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

#### C.6 *Cónascthaí ceardchumann*

Soláthar mheastacháin: €0.08 milliún, toradh: €0.18 milliún

Tháinig an barrachas caiteachais ab fhiú €0.1 milliún chun cinn go príomha mar go raibh an t-éileamh níos airde ná a measadh ar dtús. Tá sé doiligh an méid atá ag teastáil a thuar roimh iarratais a fháil agus a cheadú. Soláthraítear méid measartha beag don fho-mhírcheann seo de ghnáth. Fuarthas iarratas mór i mí Feabhra 2017 ar mhéid ab fhiú €182,000. Fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an méid sin a íoc, faoi réir an costas breise sin a bheith á íoc ag an Roinn óna Vóta féin.

#### C.7 *Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach*

Soláthar mheastacháin: €4.9 milliún, toradh: €3 milliún

Tháinig an gannchaitheamh €1.9 milliún chun cinn ar chaiteachas pá agus ar chaiteachas neamhphá araon. Bhain thart ar €0.9 milliún le gannchaitheamh pá, rud a tháinig chun cinn go príomha mar thoradh ar mhoilleanna ar phoist shinsearacha nua-cheadaithe a líonadh agus mar thoradh ar mhoilleanna ar fholúntais bhreise a tháinig chun cinn a líonadh. Bhí an meastachán bunaithe ar 42 bhall foirne. Dá ainneoin sin, b'ionann agus 34 bhall foirne an meánlíon ball foirne a bhí fostaithe ag Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach sa bhliain 2017.

Baineann gné shuntasach de bhuiséad neamhphá Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach le táill réamh-mheasta dlí agus cuntasaióchta atá bainteach le cásanna cúirte atá á n-ullmhú agus atá os comhair na gcúirteanna. Ní féidir castacht, uainiú ná fad na n-imscrúduithe ná na n-éisteachtaí cúirte a réamh-mheas go beacht. Ní féidir cineál na mbreitheanna a thabharfaidh an chúirt sa deireadh a réamh-mheas go beacht ach oiread. Chuige sin, bhí an figiúr toraidh don bhliain 2017 €1 milliún níos lú ná a leithdháileadh. B'amhlaidh sin mar nár tháinig costais fhéideartha dlí chun cinn sa bhliain.

#### C.8 *An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí*

Soláthar mheastacháin: €12.1 milliún, toradh: €9.8 milliún

Tháinig an gannchaitheamh €2.3 milliún chun cinn ar chaiteachas pá agus ar chaiteachas neamhphá araon. Bhain thart ar €1.7 milliún le gannchaitheamh pá a tháinig chun cinn go príomha mar gur éirigh roinnt ball foirne as, mar nár líonadh líon suntasach folúntas faoi dheireadh na bliana. Ag deireadh na bliana 2017, bhí 90 ball foirne ag CCPC agus bhí 16 fholúntas aige.

Bhí gannchaitheamh €0.6 milliún ann ar chaiteachas neamhphá do na feidhmeanna tobhaigh sa bhliain 2017. Cistítear feidhm seirbhísí airgeadais an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) go hiomlán le tobhach a ghearrtar ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais rialáilte. Níor íostarraingíodh méid suntasach den mheastachán le haghaidh na bhfeidhmeanna de chuid CCPC a chistítear le tobhaigh mar gur tugadh €0.5 milliún anonn ón mbliain 2016, mar a cheadaítear sa reachtaíocht (an tAcht um Athchóiriú an Bhainc Cheannais, 2010). Baineadh úsáid as an mbarrachas sin chun feidhmeanna tobhaigh CCPC a chistiú sna míonna tosaigh den bhliain 2017. De bhreis air sin, ba go mall sa bhliain 2017 a bhailigh CCPC céatadán suntasach dá thobhaigh don bhliain 2017 agus ní raibh air cistí a íostarraingt le haghaidh na bhfeidhmeanna sin i mí na Samhna ná mí na Nollag 2017.

Ba é an cistiú laghdaithe faoi fho-mhírcheann C.8 ba chúis le leithreas i gcabhair ó CCPC leis an Roinn a bhí níos ísle ná a bhíodhas ag súil leis (féach an míniú faoi nóta 4.1, mír 16).

*C.11 An Oifig um Chláru Cuideachtaí agus Clárlann na gCara-Chumann*

Soláthar mheastacháin: €7.5 milliún, toradh: €7.1 milliún

Tháinig an gannchaitheamh €0.4 milliún chun cinn ar chaiteachas pá agus ar chaiteachas neamhphá araon. Bhí gannchaitheamh €0.1 milliún ar chaiteachas pá ann mar thoradh ar mhóilleanna ar phoist foirne a líonadh. Bhí móilleanna ar dhul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail áirithe forbartha TFC ina gcúis le gannchaitheamh €0.15 milliún ar chaiteachas neamhphá freisin. Bhí gannchaitheamh €0.05 milliún ann mar thoradh ar mhóilleanna ar an gClár don Tionscadal Úinéireachta Tairbhiúla a chur chun cinn mar nár cuireadh i bhfeidhm an reachtaíocht a bhí ag teastáil chun tacú leis an bhforbairt sin (ar cúram ar an Roinn Airgeadais é). Táthar ag súil leis go ndéanfar dul chun cinn ar an tionscadal sa bhliain 2018 ar aon dul le cur i gcrích an phróisis reachtaigh. Bhí roinnt costais athlonnúcháin san aistriú chuig Teach Bloom níos lú ná a bhíodhas ag súil leis agus bhíodhas in ann coigilt €0.1 milliún a bhaint amach i réimsí amhail costais phríontála agus costais ghinearálta feistithe oifige.

*C.12 Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann*

Soláthar mheastacháin: €2.1 milliún, toradh: €1.2 milliún

Tháinig an gannchaitheamh €0.9 milliún chun cinn mar go raibh an meastachán bunaithe ar líon foirne iomlán de 43 bhall foirne a bheith ag an Údarás le haghaidh a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Mar sin féin, b'ionann agus 24 bhall foirne an meánlíon ball foirne a bhí ag an Údarás sa bhliain 2017 mar thoradh ar na deacrachtaí leanúnacha a bhí aige baill foirne oiriúnacha a mhealladh agus a earcú.

*C.13 Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.*

Soláthar mheastacháin: €1.3 milliún, toradh: €1.2 milliún

Tháinig an gannchaitheamh €0.1 milliún chun cinn mar go raibh ranníocaíocht níos ísle le déanamh leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair agus mar thoradh ar ranníocaíocht nialasach le Cumann Eorpach na mBreithiúna Cúirte Oibreachais mar go bhfuil an Binse Achomhairc Fostaíochta á thabhairt chun críche.

*C.14 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta*

Soláthar mheastacháin: €0.3 milliún, toradh: €0.1 milliún

Tháinig an gannchaitheamh €0.2 milliún chun cinn go príomha mar gheall orthu seo:

- (i) gannchaitheamh €71,000 mar thoradh ar ghníomhaíocht laghdaithe i measc Comhchoistí Oibreachais, ar dá bhrí sin a laghdaíodh costais go suntasach trí gannchaitheamh ar an gcostas a bhaineann le cruinnithe a reáchtáil agus le haon ghníomhaíocht iarmhartach
- (ii) gannchaitheamh €20,000 ar chostais chomhairle dlí a bhaineann le trí imscrúdú cuideachta atá á ndéanamh ag oifig údaraithe de chuid an Aire faoi alt 19 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 (arna leasú)
- (iii) coigiltí ilghnéitheacha ag an nGrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta, ag an nGrúpa Rialála Gnó agus ag an tionscnamh um Thodhchaí na hOibre.

*C.15 Costais dlí agus seirbhísí eile*

Soláthar meastacháin: €1 milliún, toradh: €0.4 milliún

Is ionann an mheastachán agus soláthar teagmhasach do chostais dlí a d'fhéadfadh teacht aníos i roinnt réimsí sa Roinn agus ina hOifigí. Tháinig an gannchaitheamh €0.6 milliún chun cinn mar thoradh ar chostais a bhí níos ísle ná a bhíodhas ag súil leis i gcás na Cúirte Oibreachais, an Bhinse Achomhairc Fostaíochta, an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta agus Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2017		2016
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
<b>Ceartha Fostaíochta agus Caidreamh Tionsclaíoch</b>				
1	Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh	425	—	672
2	Táillí ceada fostaíochta	8,000	7,670	6,862
3	Ceadúnais do ghníomhaireachtaí fostaíochta	315	378	343
4	Fógraí pionóis sheasta an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre	30	7	18
5	Costais dámhachtana cúirte an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre	22	19	13
<b>Árachas agus Dí na gCuideachtaí</b>				
6	An Oifig um Chlárú Cuideachtaí	17,500	19,560	20,068
7	Clárlann na gCara-Chumann	50	57	43
<b>Ceartha Trádála, Iomaíochta agus Margaidh</b>				
8	Fáltais faoi Acht na dTrád-Mharcanna, 1963, agus faoi Acht na bPaitinní, 1964	8,300	9,353	9,083
9	Ceadúnais trádála ócáidí	1	—	—
10	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	433	535	474
11	Fógraí cumaisc	480	576	560
<b>Eile</b>				
12	Fáltais dlí Oifig an Stiúrtóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach	50	9	207
13	Forbairt fiontar áitiúil	—	—	—
14	Ilghnéitheach	200	713	313
15	Beartas fiontar <sup>a</sup>	3,655	3,189	3,305
16	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí <sup>b</sup>	2,100	1,130	1,091
17	Aisiocaíocht pá Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann	—	—	368
18	Pá agus aoisliúntas an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta	1,580	1,207	1,166
19	Aoisliúntas an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta	676	481	274
20	An Scéim Shealadach Ráthaíochta lasachta	500	584	495
21	An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Toghcháin	490	343	278
22	Fáltais ón asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí	5,526	6,731	7,047
<b>Iomlán</b>		<b>50,333</b>	<b>52,542</b>	<b>52,680</b>

<sup>a</sup> Léirítear sa Bheartas Fiontar na méideanna a fuarthas ó na gníomhaireachtaí Fiontar i dtaca le ranniocaíochtaí pinsin foirne. Is iad Idir-Thrádáil Éireann, GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann na gníomhaireachtaí.

<sup>b</sup> Is é atá sna fáltais faoin líne seo ná forchúiteamh páirteach an chaiteachais faoi fho-mhírcheann C.8.

**Athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí Leithreasaí i gCabhair €2.2 milliún níos mó ná an meastachán.

Tá míniúcháin ar na hathrúcháin leagtha amach thíos:

**1 Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh**

Soláthar mheastacháin: €0.4 milliún, toradh: Nialas

Tháinig an t-easnamh €0.4 milliún chun cinn mar nár éilíodh sa bhliain 2017 aisíocaíocht as airgead a bhí dlite ón gCiste Árachais Shóisialaigh. Ba é an cleachtas go dtí seo forchúiteamh a iarraidh ón gCiste Árachais Shóisialaigh sa ráithe deiridh den bhliain chun clúdach a dhéanamh ar chostais ar thabhaigh comhlachtaí ábhartha na Roinne iad le linn dóibh éilimh iomarcaíochta agus dhócmhainneachta a phróiseáil sa chéad trí ráithe den bhliain agus sa ráithe deiridh den bhliain roimhe. Is amhlaidh, dá bhrí sin, gur gnách go n-iarfadh an Roinn forchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh i Ráithe 4 den bhliain 2017 i dtaca leis na costais ábhartha a thabhaigh a comhlachtaí idir Ráithe 1 agus Ráithe 3 den bhliain 2017 agus i dtaca le Ráithe 4 den bhliain 2016 freisin.

Tá an Roinn ag súil le forchúiteamh a fháil go luath sa bhliain 2018 as costais i leith Ráithe 4 den bhliain 2016 agus i leith na bliana 2017. Measann an Roinn go mbeadh sé ní b'éifeachtúla dá ndéanfaí costais an Chiste Árachais Shóisialaigh a fhorchúiteamh ar bhonn bliantúil. Chuige sin agus faoi réir plé leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, tá sé beartaithe ag an Roinn forchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh as na costais ábhartha ar thabhaigh a comhlachtaí iad sa bhliain 2018 a iarraidh sa chéad ráithe den bhliain 2019.

**6 An Oifig um Chlárú Cuideachtaí**

Soláthar mheastacháin: €17.5 milliún, toradh: €19.6 milliún

Gineann an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ioncam ó roinnt foinsí, lena n-áirítear: (a) ioncam ó thuairisceáin bhliantúla chuideachtaí; (b) ioncam ó bhulcshonraí a dhíol, ar nithe iad a dhíoltar ar phraghas seasta faoi réir conarthaí atá i bhfeidhm cheana féin; (c) ioncam ó phionóis as comhdú déanach; (d) ioncam ó fhaisnéis a sholáthar don phobal; agus (e) ioncam ó tháillí as doiciméid eile de chuid cuideachtaí a chomhdú (e.g. aistriúthe scaireanna, athrú ainm, etc.).

Le linn di a hioncam bliantúil a réamh-mheas, déanann an Oifig um Chlárú Cuideachtaí breithniú ar threochtaí ón mbliain roimhe chun an iompraíocht dhóchúil a mheas. Ós rud é nach bhfuil ansin ach réamhaisnéis, áfach, d'fhéadfadh go mbeadh athrúcháin mhóra ann idir na figiúirí measta agus na figiúirí iarbhrí. Is féidir an t-athrúchán leis an meastachán a chur i leith na nithe seo a leanas: éileamh méadaithe ar sheirbhísí, lena n-áirítear an líon ab airde riamh de chlárúithe cuideachta nua, agus méadú suntasach ar na doiciméid a comhdáiodh.

**8 Fáltais faoi Acht na dTrád-Mharcanna, 1963, agus faoi Acht na bPaitinní, 1964**

Soláthar mheastacháin: €8.3 milliún, toradh: €9.4 milliún

Tháinig an méadú €1.1 milliún chun cinn go príomha mar go raibh an t-ioncam táillí ó iarratais ar Phaitinní Eorpacha a athnuachan níos mó ná a bhíothas ag súil leis.

**10 An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí**

Soláthar mheastacháin: €0.4 milliún, toradh: €0.5 milliún

Tháinig an méadú €0.1 milliún chun cinn mar thoradh ar ghníomhaíocht pas beag níos mó sna réimsí seo:

- (i) iarratais ar údarú idirghabhálaí creidmheasa
- (ii) aisghabhálacha costas cúirte
- (iii) gníomhaíocht faireacháin a rinne CCPC.

**14 Ilghnéitheach**

Soláthar mheastacháin: €0.2 milliún, toradh: €0.7 milliún

Tá sé doiligh fáltais ilghnéitheacha a mheas de réir a gcineáil. Tá an toradh comhdhéanta díobh seo:

- (i) €0.26 milliún a bhaineann le fáltais ó phinsinéirí tríú páirtí ar íoc Fiontraíocht Éireann iad faoi fho-mhírcheann A.3 Pinsin Oidhreacht Ghníomhaireachta
- (ii) €0.3 milliún i dtaca le hairgead a bhaineann le rannpháirtíocht Oifig na bPaitinní i roinnt gníomhaíochtaí comhair agus clár chomhair de chuid Oifig Eorpach na bPaitinní agus Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh
- (iii) €0.1 milliún i bhforchúiteamh tuarastail
- (iv) méideanna ilghnéitheacha éagsúla eile.

15 *Beartas Fiontar*

Soláthar mheastacháin: €3.7 milliún, toradh: €3.2 milliún

Tá ioncam an bheartais fiontar comhdhéanta de ranníocaíochtaí pinsin ó roinnt de na gníomhaíochtaí fiontair reatha agus roimhe de chuid na Roinne. Tháinig an t-easnamh €0.5 milliún i bhfáltais sa bhliain 2017 chun cinn mar thoradh ar bhaill foirne ag éirí as nó ag dul ar scor, áit ar ceapadh baill foirne nua faoin scéim ranníocaíochta pinsin aonair, rud a íoctar go díreach leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

16 *An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí*

Soláthar mheastacháin: €2.1 milliún, toradh: €1.1 milliún

Is easnamh €1 milliún é sin. Cistítear feidhm seirbhísí airgeadais an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) go hiomlán le tobhach a ghearrtar ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais rialáilte. Ós rud é nach mbailítear an tobhach go dtí lár na bliana, tugann an Roinn cistiú ar fáil roimh ré do CCPC ar an gcoinníoll go gcúitítear í roimh dheireadh na bliana trí bhíthin Leithreasáí i gCabhair. Is le haghaidh a fheidhmeanna faisnéise airgeadais agus a fheidhmeanna oideachais a fhéadfaidh CCPC an tobhach a chaitheamh. Ní fhéadfaidh sé é a chaitheamh le haghaidh a chostas riaracháin/ginearálta. Déanann CCPC barrachas ar bith i méid an tobhaigh i mbliain ar leith a chur i bhfeidhm maidir le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin sa bhliain ina dhiaidh sin. Laghdaíonn sé na tobhaigh a leagadh síos i leith na bliana airgeadais deireanaí dá réir. Rinne CCPC barrachas tobhach a bailíodh sa bhliain 2016 a thabhairt anonn chuig an mbliain 2017, rud a laghdaigh méid an airgid tobhaigh a bhailigh sé sa bhliain 2017.

Ba é an cistiú laghdaithe faoi fho-mhírcheann C.8 ba chúis le haisíocaíocht ó CCPC leis an Roinn a bhí níos ísle ná a bhíodhas ag súil leis (féach an míniú ar fho-mhírcheann C.8).

18 *Pá agus aoisliúntas an Bhoird Mheasúnaithe Díobhála Pearsanta*

Soláthar mheastacháin: €1.6 milliún, toradh: €1.2 milliún

Tháinig an t-easnamh €0.4 milliún chun cinn go príomha mar gur ró-mheasadh na ranníocaíochtaí aoisliúntais ionchais. Bhí an toradh ag teacht le toradh na bliana roimhe.

19 *Aoisliúntas an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta*

Soláthar mheastacháin: €0.7 milliún, toradh: €0.5 milliún

Níor íoc an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta aon ranníocaíochtaí aoisliúntais leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta idir mí Eanáir agus mí na Bealtaine 2017 mar go ndeachaigh roinnt ball foirne ar scor le linn na tréimhe sin. Le comhaontú na Roinne, bhain an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta úsáid as na ranníocaíochtaí aoisliúntais a bhí le cur isteach chun cnapshuimeanna na mball foirne ar scor a mhaoiniú.

21 *An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Toghcháil*

Soláthar mheastacháin: €0.49 milliún, toradh: €0.34 milliún

Is easnamh €0.15 milliún é sin. I gcomhar le SOLAS, cuireann an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta tacaíocht taighde agus rúnaíochta ar fáil don Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Toghcháil. Is ón gCiste Náisiúnta Oiliúna a fhorchúitítear an caiteachas a thabhaíonn an Roinn. Tháinig an t-easnamh chun cinn mar thoradh ar mhóilleanna ar staidéir an Ghrúpa orthu seo a thionscnamh: 'Aghaidh a Thabhairt ar na Riachtanais Scileanna atá ag Eascairt as na hImpleachtaí Trádála a d'fhéadfadh a bheith ann de dheasca an Bhreathimeachta' agus an tionscadal 'Scileanna don Gheilleagar Digiteach'. Mar thoradh air sin, bhí caiteachas na Roinne níos lú ná a bhíodhas ag súil leis agus bhí laghdú iarmhartach ann san fhorchúiteamh ón gCiste Náisiúnta Oiliúna.

22 *Fáltais ón asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí*

Soláthar mheastacháin: €5.5 milliún, toradh: €6.7 milliún

Tháinig an méadú €1.2 milliún chun cinn go príomha mar thoradh ar an deacracht a bhaineann le cruinneas a bhaint amach nuair atáthar ag meas mhéid dóchúil na dtobhach pinsin. Ullmhaítear meastacháin i mí Dheireadh Fómhair/mí na Samhna le haghaidh na bliana ina dhiaidh sin tráth nach eol an figiúr toraidh don bhliain reatha, rud a fhágann go bunúsach nach féidir comparáidí ó bhliain go bliain a dhéanamh.

#### 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Stáitchiste

	2017	2016
	€000	€000
Iarmhéid ag 1 Eanáir	1	—
Oifigí Fiontair Áitiúil – reatha	187	413
Oifigí Fiontair Áitiúil – caipiteal	3	2
An tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann – reatha	31	92
GFT Éireann – reatha	331	—
IAASA - forchúiteamh párolla barrachais	190	—
Ilghnéitheach	1	10
An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais – reatha	—	5
Méid a aistríodh chuig an Stáitchiste	(554)	(521)
<b>Iarmhéid ag 31 Nollaig</b>	<b>190</b>	<b>1</b>

Oifigí Fiontair Áitiúil – reatha	Baineann sé seo le cistí neamhúsáidte pá agus neamhphá a tarraingíodh anuas faoi fho-mhírcheann A.8 sa bhliain 2016.
GFT Éireann – reatha	Baineann sé seo le pá neamhúsáidte agus cistí a tarraingíodh anuas faoi fho-mhírcheann A.5 sa bhliain 2016.
IAASA - forchúiteamh barrachais párolla	Baineann sé sin le forchúiteamh iocaíochtaí párolla IAASA ag an Roinn a bhí níos mó ná dlíteanas an Stáitchiste i leith IAASA sa bhliain 2016.

## Nóta 5 Líon Fostaithe agus Pá

### 5.1 An líon fostaithe

	2017	2016
Líon foirne ag deireadh na bliana (coibhéisí lánaimseartha)		
An Roinn agus a hOifigí:		
Roinn	476	488
Oifig na bPaitinní	42	24
An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre	165	154
Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach	34	33
An Oifig um Chlárú Cuideachtaí	110	110
	<u>827</u>	<u>809</u>
Gníomhaireachtaí <sup>a</sup>	<u>1,461</u>	<u>1,515</u>
	<b><u>2,288</u></b>	<b><u>2,324</u></b>

<sup>a</sup> Cuimsíonn sé seo fostaithe an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta, atá ina ghníomhaireacht neamhthráchtála stáit nach bhfaigheann cistiú go díreach ón Státchiste.

### 5.2 Pá - Roinn, Oifigí agus Gníomhaireachtaí

	2017	2016
	€000	€000
Pá	146,293	144,900
Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	1,395	822
Liúntais eile	445	2,238
Ragobair	446	737
ÁSPC an Fhostóra	9,617	9,659
<b>Pá iomlán</b>	<b><u>158,196</u></b>	<b><u>158,356</u></b>

Is don ghné pá d'Fho-mhírchinn A.1, A.4, A.5, A.6, A.7, A.8, B.1, B.3, B.4, C.1, C.3, C.5, C.7, C.8, C.11 agus C.12 a thagraíonn na socruithe luach saothair.

### 5.3 An Roinn

	2017	2016
	€000	€000
Pá <sup>a</sup>	40,593	40,476
Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	632	681
Liúntais eile	445	446
Ragobair	285	570
ÁSPC an Fhostóra	2,580	2,488
<b>Pá iomlán <sup>b</sup></b>	<b>44,535</b>	<b>44,661</b>

<sup>a</sup> Áirítear leis an bhfigiúr seo íocaíochtaí pinsin le 19 n-iarchomhalta den Chúirt Oibreachais, den Údarás Iomaíochta agus den Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Thomhaltóirí anois).

<sup>b</sup> Áirítear le pá iomlán pá riaracháin (Fo-mhírchinn A.1, B.1 agus C.1) agus gnéithe pá Oifigí na Roinne (Fo-mhírchinn B.3, C.3, C.7 agus C.11). Is d'fho-mhírchinn riaracháin amháin a thagraíonn an méid atá curtha ar áireamh i bpá i Nóta 1.

### 5.4 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre - Bail foirne Roinne

	An líon faighteoirí	Faighteoir í a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde  2017 €	An íocaíocht aonair is airde  2016 €
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	93	8	43,788	32,546
Liúntais eile	71	12	151,679	206,984
Ragobair	167	7	15,272	17,829
Daoine a fuair luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin	26	11	21,805	15,559

## 5.5 Gníomhaireachtaí

Is iad seo a leanas na gníomhaireachtaí atá curtha ar áireamh anseo: an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Fiontraíocht Éireann, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail, an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, Idir-Thrádáil Éireann, Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

Ní idirbheart airgeadais díreach de chuid na Roinne é caiteachas pá na ngníomhaireachtaí. Dá bhrí sin, ní choinníonn an Roinn faisnéis mhionsonraithe pá agus liúntais i leith bhaill foirne na ngníomhaireachtaí. Tá faisnéis mhionsonraithe faoin líon fostaithe agus faoi phá i dtaca le gníomhaireachtaí na Roinne ar fáil sna ráitis airgeadais ábhartha/sna tuarascálacha bliantúla ábhartha. Is féidir an fhaisnéis sin a fháil go díreach ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann freisin.

	<b>2017</b>	<b>2016</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Pá	105,700	104,424
Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	763	141
Liúntais eile	—	1,792
Ragobair	161	167
ÁSPC an Fhostóra	7,037	7,171
<b>Pá iomlán</b>	<b>113,661</b>	<b>113,695</b>

## 5.6 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre - Baill foirne Gníomhaireachta

	An líon faighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde 2017 €	An íocaíocht aonair is airde 2016 €
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	47	4	29,031	13,072
Liúntais eile	251	29	58,997	37,246
Ragobair	67	5	26,027	24,051
Daoine a fuair luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin	5	2	28,928	26,051

## 5.7 Socruithe eile luach saothair

Cuireadh carr cuideachta ar fáil do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Fhiontraíocht Éireann.

Íocadh €41,608 san iomlán le triúr státseirbhíseach ar scor sa bhliain 2017, a athfhostaíodh le haghaidh sainseirbhísí éagsúla a cuireadh ar fáil sa bhliain 2016 agus sa bhliain 2017. Bhí nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le baill foirne ar scor de réir alt 53 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

### **5.8 Ró-íocaíochtaí tuarastail**

---

Measadh gurbh ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €162,722 (62 chás) (2016: €149,844, 42 chás). Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm maidir le 21 chás. Tá socruithe á ndéanamh chun pleananna aisíocaíochta a thosú le haghaidh na gcásanna eile.

---

### **5.9 Scaoilíocaíocht/iomarcaíocht**

---

Sa bhliain 2017, íocadh íocaíocht iomarcaíochta ab fhiú €9,228 san iomlán agus scaoilíocaíochtaí ab fhiú €29,119 san iomlán le hiarbhall foirne Aireachta amháin ar foirceannadh a bhfostaíocht nuair a tháinig an Rialtas nua i mbun oifige sa bhliain 2016.

---

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cistiú ón Aontas Eorpach

Mar aon le deontais ón Vóta, fuair Oifig na bPaitinní agus na comhlachtaí seo a leanas faoi choimirce na Roinne cúnamh go díreach ón Aontas Eorpach sa bhliain 2017, mar atá léirithe thíos:

Fo- mhírcheann	Cur síos	2017	2016
		Toradh €	Toradh €
A.14	Micrea-airgeadas Éireann	—	863,633
B.3	Oifig na bPaitinní	154,678	512,169
B.4	Fondúireacht Eolaíochta Éireann	763,506	247,227
B.4	Fiontraíocht Éireann	824,849	3,480,540
		<b>1,743,033</b>	<b>5,103,569</b>

Áirítear íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa leis an toradh a léirítear i bhfo-mhírchinn A.8, B.4 agus B.5 faoi Nóta 3.

### 6.2 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta

	Bliain an bhunaithe	2017	2016
		Toradh €	Toradh €
Buan/Neamhiata			
Comhchoistí Oibreachais	1946	11,913	5,876
An Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta	2000	80,990	83,145
An Tionscnamh um Thodhchaí na hOibre	2017	17,339	—
An Grúpa Athbhreithnithe Dlí Díolacháin	2009	356	642
An Coiste Iniúchóireachta Rannach	2004	—	1,800
An Grúpa Rialála Gnó	2006	—	632
		<b>110,598</b>	<b>92,095</b>

**6.3 Cúiteamh agus costais dlí**

	An líon cásanna	Costais dlí a d'íoc an Roinn €000	Costais dlí a dámhadh €000	Cúiteamh a dámhadh €000	2017	2016
					iomlán €000	iomlán €000
<b>Éilimh ag fostaithe in aghaidh:</b>						
Roinn	1	—	—	8	8	—
<b>Éilimh ó bhaill den phobal in aghaidh:</b>						
An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre	1	156	—	—	156	224
Cearta Fostaíochta	1	—	—	3	3	17
An Binse Achomhairc Fostaíochta	1	19	—	—	19	—
An Chúirt Oibreachais	3	—	155	—	155	—
Ceadanna fostaíochta	1	—	12	—	12	—
		<b>175</b>	<b>167</b>	<b>11</b>	<b>353</b>	<b>241</b>

**6.4 Tobhach fostaíochta agus oiliúna**

Ba le héifeacht ón 6 Aibreán 1999 a cuireadh deireadh leis an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna, rud a bhí socraithe ag 1% d'ioncam iomlán duine, ach amháin i gcás eisceachtaí áirithe. Leanann an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta uirthi de bheith ag fáil méideanna a bhaineann le híocaíochtaí stairiúla cánacha. Is í Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim a bhailiú an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna. Íoctar é ar aghaidh leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ar bhonn míosúil ansin. Íoctar an t-airgead go díreach leis an Stáitchiste.

Ráiteas faoi íocaíochtaí a rinneadh de réir alt 25(1) den Acht um Áiseanna Saothair, 1987.

	2017	2016
	€	€
Méid a fuarthas ó na Coimisinéirí Ioncaim	373,333	180,979
Méid a íocadh isteach sa Stáitchiste	373,333	180,979

## 6.5 Scéim ráthaíochta creidmheasa na ndliteanas teagmhasach

Tháinig an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa i bhfeidhm sa bhliain 2012 agus, tríd an Roinn, soláthraítear léi ráthaíocht Stáit d'iasachtóirí creidiúnaithe (Bainc-Aontas Éireann, Banc na hÉireann agus Banc Uladh, Éire). Tá an ráthaíocht cothrom le 75% de luach na n-iasachtaí incháilithe nó na mbannaí feidhmíochta incháilithe a thugtar d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide atá inmharthana. Íocann an Stát (an "ráthóir") an Ráthaíocht leis an iasachtóir ar an iarmhéid príomha neamhghnóthaithe gan íoc ar shaoráid scéime i gcás go mainníonn iasachtaí aisíocaíochtaí a dhéanamh faoin tsaoráid.

Ba é Capita Asset Services a d'oibrigh agus a bhainistigh an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa ó seoladh ag deireadh na bliana 2012 í. Ag teacht sna sála ar chinneadh ón Rialtas, ainmníodh Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann mar oibreoir nua ar an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa i mí Dheireadh Fómhair 2016.

Íocann na fiontair bheaga agus mheánmhéide a bhaineann leas as an scéim préimh atá cothrom le 2% in aghaidh na bliana leis an Roinn (Féach Nóta 4.1) agus is ó fho-mhírcheann A.9 a íoctar éilimh in aghaidh na ráthaíochta le hiasachtóirí rannpháirteacha. Íoctar ón bhfo-mhírcheann seo freisin na méideanna a íoctar le Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann chun an scéim a oibriú.

Tá achoimre ar na fáiltais agus na híocaíochtaí a bhaineann leis an scéim leagtha amach thíos.

	2017		2012-2017
	€000		€000
Fáiltais i dtaca le préimheanna a d'íoc fiontair bheaga agus mheánmhéide	584		1,596
Caiteachas scéime			
Íocaíochtaí le Corparáid	464	1,700	
Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann agus le Capita – riarachán scéimeanna			
Éilimh a íocadh	407	495	
<b>Costas iomlán na scéime</b>	<b>(871)</b>		<b>(2,195)</b>
Glanchoas na scéime	(287)		(599)

Ag an 31 Nollaig 2017, ba é €59,245,744 luach iomlán na n-iasachtaí gan íoc a bhí cumhdaithe leis an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa. I gcás mainneachtain ar thaobh fiontar beag agus meánmhéide, déanann an t-iasachtóir creidiúnaithe éileamh i leith an iarmhéid phríomha neamhghnóthaithe. Cumhdaítear leis an ráthaíocht suas go 75% de luach na n-iasachtaí nach bhfuil inghnóthaithe. B'ionann agus €3.6 milliún neamhchosaint uasta na Roinne i leith na n-iasachtaí a bhí gan íoc ag an 31 Nollaig 2017. Tá Teorainn Éilimh Phunainne socraithe ag 10% de luach comhiomlán na saoráidí scéime a nglactar leo gach bliain (i ngach punann) do gach iasachtóir. Ar an mbealach sin, déantar neamhchosaint an Stáit a uasteorannú ag 75% de 10% den Teorainn Éilimh Phunainne. Déantar Teorainn Éilimh Phunainne an iasachtóra a uasteorannú mar a leanas: An Ráta Ráthaíochta x An Iasacht ar Ghlac an Phunann Léi x An Teorainn Mainneachtana Punainne.

## 6.6 Pionóis íocaíochta déanaí

	2017	2016
	€	€
Ús agus cúiteamh	12,209	5,686

**6.7 Nithe díscríofa**

---

Ba iad seo a leanas na suimeanna a díscríobhadh sa bhliain:

	<b>2017</b>	<b>2016</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
larmhéideanna seanchuntas fionraí	—	307

---

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí faoi choimirce na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2018, cén tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí agus cén uair a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/ciste roinne	An tréimhse chuntasaíochta is déanaí	Dáta na tuarascála iniúchóireachta	An dáta a fuair an tAire/an Roinn iad	An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad
GFT Éireann	2016	22 Meith. 2017	29 Meith. 2017	27 Iúil 2017
An tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann	2016	14 Meith. 2017	5 Iúil 2017	14 Iúil 2017
Fiontraíocht Éireann	2016	26 Meith. 2017	4 Iúil 2017	11 Iúil 2017
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	2016	25 Beal. 2017	20 Meith. 2017	4 Iúil 2017
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	2016	30 Meith. 2017	11 Iúil 2017	9 Lún. 2017
An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	2016	12 Noll. 2017	21 Noll. 2017	9 Ean. 2018
An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta	2016	31 Beal. 2017	23 Meith. 2017	17 Iúil 2017
Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann	2016	8 Meith. 2017	21 Lún. 2017	5 M.F. 2017